Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**8406/23**

**AGRI 199**
**AGRISTR 26**
**RECH 147**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le deiseanna an bhithgheilleagair i bhfianaise na ndúshlán reatha agus béim ar leith á leagan ar cheantair thuaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le deiseanna an bhithgheilleagair i bhfianaise na ndúshlán reatha agus béim ar leith á leagan ar cheantair thuaithe, a d’fhormheas an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 25 Aibreán 2023.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le deiseanna an bhithgheilleagair i bhfianaise na ndúshlán reatha agus béim ar leith á leagan ar cheantair thuaithe**

**Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas**

Á MHEABHRÚ DI:

- Na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis Bhithgheilleagair nuashonraithe ón 29 Samhain 2019;
- Na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc';
- Na conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Nua Foraoiseachta an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030;
- Na conclúidí ón gComhairle maidir le Geilleagar Gorm Inbhuanaithe;

Á THABHAIRT DÁ hAIRE:

- An Comhaontú Glas don Eoraip;
- An Straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc';
- Straitéis Nua Foraoiseachta an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030;
- Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030;
- Straitéis Ithreach an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030;
- Plean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach;
- An Comhbheartas Talmhaíochta agus Pleananna Straitéiseacha na mBallstát;
- Spriocanna an phacáiste 'Oiriúnach do 55' agus REPower EU;
- An tuarascáil ar dhul chun cinn ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais;
- An Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *the Long-Term Vision for EU's Rural Areas – Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040* [An fhís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais - i dtreo ceantair thuaithe níos láidre, nasctha, athléimneacha agus rathúla faoi 2040];
- An Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A Green Deal Industrial Plan for the Net-Zero Age* [Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais do Ré Thionsclaíoch na Glan-nialasachta];
- Gealltanais idirnáisiúnta an Aontais maidir le forbairt inbhuanaithe, trádáil, cosaint an chomhshaoil agus oiriúnú don athrú aeráide agus maolú air sin;

- Torthaí na comhdhála ardleibhéil ‘An Bithgheilleagar - An Comhaontú Glas don Eoraip a Chumasú le linn Tréimhsí Dúshlánacha’ a tionóladh an 6 agus an 7 Deireadh Fómhair 2022 sa Bhruiséil;
- Torthaí na comhdhála ‘Maireachtáil sa Bhithgheilleagar’ a d’eagraigh Uachtaránacht na Sualainne an 27 agus an 28 Feabhra 2023 i Stócólm;

Á CHUR CHUN SUNTAIS DI

Ról tábhachtach an bhithgheilleagair inbhuanaithe agus chiorclaigh agus aghaidh á tabhairt aige ar na dúshláin atá ann faoi láthair, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an aeráid, an bhithéagsúlacht, fuinneamh agus slándáil an tsoláthair bia, agus a thábhachtaí atá sé do gheilleagar an Aontais, go háirithe maidir le táirgí bunriachtanacha a sholáthar, iomaíochas a mhéadú, ioncam a éagsúlú, agus poist a chruthú i gceantair thuaithe agus chósta, agus é ag cur le tiomantas an Aontais chun an t-aistriú glas agus an athléimneacht mhéadaithe a bhaint amach ag an am céanna, faoi chuimsiú cur chuige iomlánaíoch agus trasghearrtha lena n-áirithítear comhleanúnachas idir réimsí beartais. °

1. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT ról an bhithgheilleagair d’athléimneacht an Aontais agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair, agus aird ar leith á tabhairt ar tháirgí bithbhunaithe, ar féidir leo cur leis an athléimneacht agus leis an acmhainneacht neamhthuilleamaíochta nuair a fhaightear agus a tháirgtear ar bhealach inbhuanaithe iad. AITHNÍONN SÍ gur chuir an dúshlán aeráide agus cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin araon, ar cogadh neamhdhleathach gan chúis gan údar é, leis an ngá atá le feabhas a chur ar an aistriú i dtreo fuinneamh glan in-athnuaite, ábhair inbhuanaithe atá saor ó fhoinsí iontaise, agus córais bhia inbhuanaithe, athléimneacha agus chothroma.

2. ADMHAÍONN SÍ gur cumasóir é an bithgheilleagar den aistriú glas agus cóir agus gur eascair sé as an aistriú sin chomh maith, agus é á thógáil ar bhithmhais a tháirgtear go hinbhuanaithe agus ar ábhair iarmharacha, a rannchuidíonn leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe trí ghnéithe comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha na hinbhuanaitheachta a chur san áireamh go cothrom. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an ról lárnach atá ag bithgheilleagar inbhuanaithe ciorclach don aeráid agus don chomhshaol, agus chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus a straitéisí a bhaint amach.

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur coincheap trasearnála iomlánaíoch é an bithgheilleagar ar féidir leis cothromaíocht a bhaint amach idir gach ceann de thrí ghné na hinbhuanaitheachta; agus CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go neartaíonn an bithgheilleagar an geilleagar ciorclach agus go n-idirghníomhaíonn sé leis trí acmhainní in-athnuaite agus trí úsáid atá tíosach ar acmhainní a bhaint as foshruthanna bithbhunaithe ó thalmhaíocht, táirgeadh bia, foraoiseacht, iascach, dobharshaothrú agus uisce, agus ó shruthanna dramhaíola orgánaí lena n-áirítear ó theaghlaigh. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur minic a bhíonn na hearnálacha bithgheilleagair idirnasctha, rud a chuireann le sineirgí agus leis an gcaidreamh idir na hearnálacha sin a leathnú agus a neartú. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil an bithgheilleagar ag brath go mór ar éiceachórais shláintiúla athléimneacha, agus gur cheart sineirgí idir an bithgheilleagar agus an bhithéagsúlacht a chur chun cinn i bhforbairt agus in imscaradh an bhithgheilleagair inbhuanaithe agus chiorclaigh.

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais agus an fhorbairt dhearfach ghinearálta a rinneadh maidir leis an bPlean Gníomhaíochta a chur chun feidhme, lena n-áirítear straitéisí bithgheilleagair náisiúnta agus réigiúnacha a fhorbairt agus leas a bhaint as infheistíochtaí príobháideacha, gnólachtaí nuathionscanta agus taighde agus nuálaíocht i dtionscail bhithbhunaithe. AONTAÍONN SÍ nach mór éifeachtaí chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ar cogadh neamhdhleathach gan chúis gan údar é, mar shampla ar shlándáil an tsoláthair bia agus fuinnimh, a chur san áireamh agus an Plean Gníomhaíochta á chur chun feidhme amach anseo; agus gur féidir le Straitéis Bhithgheilleagair láidir de chuid an Aontais, ina ndírítear ar gach ceann de thrí ghné na hinbhuanaitheachta, rannchuidiú leis na spriocanna a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach. Ina theannta sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go leagtar béim sa tuarascáil ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar an iliomad brúnna ar thalamh agus ar muir agus chun teacht ar réiteach ina leith, agus chun patrúin tomhaltais níos inbhuanaithe a áirithiú.

5. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an ról atá ag an mbithgheilleagar le go mbeidh ceantair thuaithe bhríomhara ann, chun príomhtháirgeoirí a shlógadh i ndáil leis an ngníomhú ar son na haeráide agus leis an aistriú glas, agus chun poist, fás agus comhdheiseanna a chruthú agus a chothabháil ar fud an Aontais agus a chuid réigiún ar fad. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá réitigh inbhuanaithe i gceantair thuaithe agus a thábhachtaí atá sé ioncam feabhsaithe agus éagsúlaithe a áirithiú in earnálacha an bhithgheilleagair do phríomhtháirgeoirí, d’úinéirí talún, d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus do ghníomhaithe tuaithe eile, lena n-áirítear trí shlabhraí breisluacha nua agus samhlacha gnó nua ina bhfuil na táirgeoirí sin comhtháite go hiomlán.

6. ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an bithgheilleagar chun an nuálaíocht a thabhairt chuig ceantair thuaithe agus an ról a bhaineann le leas a bhaint as na hionstraimí cistiúcháin atá ar fáil faoi láthair, ar bhealach comhlántach, lena n-áirítear an Comhbheartas Talmhaíochta, Fís Eorpach, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe, Ciste Téarnaimh agus Athléimneachta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, Clár LIFE agus an Ciste don Nuálaíocht agus an Ciste um Aistriú Cóir. ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá tionscnaimh mar shampla sráidbhailte cliste, an Chomhpháirtíocht Eorpach Nuálaíochta um Tháirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta, agus coincheap nua na sráidbhailte nuathionscanta.

7. ADMHAÍONN SÍ ról an bhithgheilleagair inbhuanaithe agus chiorclaigh chun luacháil a dhéanamh ar acmhainní atá ar fáil go háitiúil agus go réigiúnach trí shlabhraí breisluacha nua trasearnála agus idirnasctha atá inbhuanaithe agus cothrom go sóisialta a fhorbairt. I ndáil leis an méid sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé sainiúlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a aithint agus úsáid a bhaint astu, lena n-áirítear sainiúlachtaí na ngeilleagar beag atá iargúlta go geografach agus na réigiún is forimeallaí.

8. AITHNÍONN SÍ luach an bhithgheilleagair chun an fhís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh um an Tuath a chur chun feidhme, chomh maith le tábhacht an bhithgheilleagair chun comhtháthú a chur chun cinn i gceantair thuaithe, lena n-áirítear cothroime shóisialta agus aistriú cóir.

9. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá aistriú an chórais bia, agus chun féachaint a thuilleadh ar acmhainneacht an bhithgheilleagair, na modhanna nuálacha agus na gcleachtas dúlrabhunaithe eile, chun bia agus beatha sláintiúil cothaitheach a sholáthar, agus prionsabal an réamhchúraim á chur san áireamh ag an am céanna.

10. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an acmhainneacht a bhaineann le hacmhainní bithbhunaithe in earnálacha mar shampla tionscal na gceimiceán, tógáil, teicstílí agus pacáistiú, agus le héileamh méadaithe an mhargaidh ar ábhair bhithbhunaithe in éiceachórais thionsclaíocha agus i slabhraí luacha níos leithne. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá stóráil carbóin in ábhair agus i dtáirgí in-athnuaite.

11. ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá bainistiú nuálach cothaitheach, athúsáid agus athchúrsáil, feirmeoireacht inbhuanaithe ina n-úsáidtear leasacháin bhithbhunaithe, agus táirgeadh inbhuanaithe beostoic ar nós táirgeadh beostoic limistéarbhunaithe, agus CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an méid a rannchuidíonn siad le lúb na dtimthriallta cothaitheach a dhúnadh, rud a íoslaghdaíonn caillteanais cothaitheach agus truailliú agus ag an am céanna a chuireann roghanna malartacha ar chothaithigh iontaise nó allmhairithe ar fáil agus a chuireann chun cinn córas feirmeoireachta Eorpach neamhspleách inmharthana lena dtreisítear slándáil an tsoláthair bia.

12. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur áiríodh an bithgheilleagar mar ghné lárnach de chuspóir sonrach sa Chomhbheartas Talmhaíochta 2023-2027 agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún forléargas a sholáthar agus obair leantach a dhéanamh maidir leis an gcaoi ar tugadh aghaidh ar an mbithgheilleagar i bPleananna Straitéiseacha na mBallstát. MOLANN SÍ don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar bhithgheilleagar a thabhairt isteach mar chuspóir sonrach i mbeartais agus in ionstraimí eile.

13. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé cur chuige cuimsitheach a bheith ann agus an bithgheilleagar á fhorbairt, agus go háirithe an gá atá le páirt a thabhairt do tháirgeoirí príomhúla agus oibriú go dlúth leo agus CUIREANN SÍ I dTREIS an ról atá ag an talmhaíocht agus ag comharchumainn foraoise. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé go mbeadh an ghlúin óg rannpháirteach i bhforbairt rathúil an bhithgheilleagair.

14. CUIREANN SÍ I dTREIS ról ilfheidhmeach na bhforaoisí, agus ról tábhachtach úinéirí agus bainisteoirí foraoisí, bainistiú gníomhach inbhuanaithe ar fhoraoisí, agus an earnáil foraoisbhunaithe don bhithgheilleagar. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go gcuireann táirgeadh agus úsáid táirgí foraoisbhunaithe atá tíosach ar acmhainní agus inbhuanaithe stóráil carbóin chun cinn agus go gcuireann siad ar fáil acmhainní ionadacha ar acmhainní iontaise agus go rannchuidíonn siad leis an mbithgheilleagar inbhuanaithe ciorclach chomh maith le cuspóirí eile an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

15. ADMHAÍONN SÍ acmhainneacht Bhithgheilleagar Gorm an Aontais lena n-áirítear earnáil na n-algaí chun fostaíocht a chruthú i gceantair chósta agus thuaithe, chun Farraigí na hEorpa agus acmhainní fionnuisce a athshlánú, agus chun táirgí a bhfuil lorg carbóin íseal acu a chur ar fáil don mhargadh Eorpach.

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról atá ag bithfhuinneamh atá tíosach ar acmhainní agus a tháirgtear go hinbhuanaithe chun cuidiú leis an spleáchas ar fhoinsí fuinnimh iontaise a laghdú, lena n-áirítear spleáchas an Aontais ar fhoinsí iontaise na Rúise a laghdú.

17. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil tábhacht straitéiseach don Aontas ag baint le slándáil bia a áirithiú. AITHNÍONN SÍ an acmhainneacht a bhaineann le dramhaíl agraibhia chun acmhainní malartacha bithbhunaithe a tháirgeadh le haghaidh cur i bhfeidhm inbhuanaithe in earnálacha éagsúla agus a bhaineann le foinsí uisce neamhghnácha le haghaidh uisciúcháin. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go laghdaíonn táirgeadh bithmheatáin ó bhithdhramhaíl agus ó fhoshruthanna bithbhunaithe lorg comhshaoil agus aeráide na talmhaíochta, an iompair agus earnálacha eile.

18. AITHNÍONN SÍ an ról láidir atá ag an ngné thionsclaíoch san aistriú glas, digiteach agus cóir, go háirithe ról FBManna, fiontraithe agus gnólachtaí nuathionscanta atá rannpháirteach i slabhraí luacha nuálacha. AITHNÍONN SÍ gur gá an dul chun cinn sa taighde agus sa nuálaíocht a thabhairt níos gaire don mhargadh agus iomaíochas níos fearr na dtáirgí bithbhunaithe ar an margadh a áirithiú agus gur gá ailíniú feabhsaithe ar TFN agus ar bheartais thionsclaíocha a áirithiú chun tacú leis an sprioc dlús a chur leis an aistriú ó thaighde go táirgeadh tionsclaíoch, lena n-áirítear trí chomhghuaillíocht thionsclaíoch sa bhithgheilleagar a fhorbairt agus trí bhraisliú. ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé gníomhaithe beaga agus meánmhéide a chumhachtú toisc gur minic nach mbíonn acmhainní acu chun taighde agus nuálaíocht a dhéanamh agus, dá bhrí sin, nach féidir leo méadú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dtagraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Green Deal Industrial Plan for the Net-Zero Age* [Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Aois Ghlan-Nialasach] d'fhorbairt ionadach bithbhunaithe.

19. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go bhfuil gá le lucht saothair oilte chun forbairt an bhithgheilleagair a chumasú, go háirithe i gceantair thuaithe. IS DÍOL SÁSAIMH DI iarrachtaí an Choimisiúin an t-oideachas agus forbairt scileanna a bhaineann leis an mbithgheilleagar a chur chun cinn. AITHNÍONN SÍ gur gá córais oideachais inrochtana a bhaineann leis an mbithgheilleagar a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear an ghairmoiliúint.

20. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an taighde, an nuálaíocht agus an infheistíocht mar phríomhchumasóirí an aistrithe i dtreo bithgheilleagar inbhuanaithe ciorclach san Aontas. ADMHAÍONN SÍ na féidearthachtaí a bhaineann le hionstraimí cistiúcháin éagsúla atá ann cheana de chuid an Aontais agus na mBallstát agus gur gá sreabha infheistíochta breise ó fhoinsí príobháideacha a shlógadh chun tacú a thuilleadh le himscaradh bithgheilleagair inbhuanaithe. MOLANN SÍ don Choimisiún úsáid uirlisí agus teicneolaíochtaí nuálacha a chur chun cinn agus iad a chur ar fáil do gach feirmeoir, lena n-áirítear póraitheoirí beostoic, feirmeoirí dobharshaothraithe agus foraoiseoirí. AITHNÍONN SÍ gur gá an nuálaíocht a imscaradh a thuilleadh faoi chuimsiú an Chórais um Eolas agus Nuálaíocht Talmhaíochta (AKIS) chomh maith leis an ról tábhachtach atá ag comhpháirtíochtaí agus timpeallachtaí tástála agus píolótacha sa bhithgheilleagar.

21. ADMHAÍONN SÍ na hiarrachtaí atá déanta ag an gCoimisiún chun feabhas a chur ar an mbonn eolais do bheartais tríd an Lárionad Eolais um Bithgheilleagar agus tríd an gCóras Faireacháin ar an mBithgheilleagar; agus CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT ról an taighde agus na nuálaíochta agus an chláir Fís Eorpach, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí taighde agus nuálaíochta Eorpacha mar shampla an Comhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach (CBE JU), Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha agus Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste chun tacú leis.

22. ADMHAÍONN SÍ an dul chun cinn atá déanta ag tionscnamh BIOEAST. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit an comhar sin a neartú agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá tacú le córais bhithgheilleagair inbhuanaithe agus chiorclacha a fhorbairt sna Ballstáit ina bhfuil an dul chun cinn mall, trí thacaíocht bheartais agus sásraí eile, lena n-áirítear trí thionscnaimh chomhchosúla, a bhféadfadh tíortha comhpháirtíochta a bheith rannpháirteach iontu. AITHNÍONN SÍ an luach a bhaineann le gréasáin chomhoibríocha idir réigiúin chun taithí, eolas agus dea-chleachtais a mhalartú. Ba cheart an t-aistriú eolais chuig na réigiúin bheagfhorbartha agus chuig na ceantair thuaithe a éascú. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, anailís a dhéanamh ar an gcaoi chun aistriú eolais agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta sna réigiúin bheagfhorbartha agus sna ceantair thuaithe, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, a chur chun cinn.

23. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil gá le comhar idirnáisiúnta i réimse an bhithgheilleagair chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda chomhchoiteanna. ADMHAÍONN SÍ freisin an deis a thugann an bithgheilleagar chun rannchuidiú le próisis agus gealltanais idirnáisiúnta.

24. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar a réigiúin bithgheilleagar inbhuanaithe ciorclach a imscaradh a thuilleadh ar bhealach iomlánaíoch comhordaithe agus tuilleadh oibre a dhéanamh ar bheartais bhithgheilleagair mar chreat cumasúcháin chun aistriú inbhuanaithe cóir a threorú agus chun an bithgheilleagar a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i mbeartais eile. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an baol go mbeadh bearna infhaighteachta bithmhaise ag teacht chun cinn agus ADMHAÍONN SÍ ról na straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha maidir le bithmhais inbhuanaithe. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá comhar trasteorann i bhforbairt an bhithgheilleagair.

25. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an bithgheilleagar a chomhtháthú ar bhealach níos fearr ina bheartais uile agus beartais chomhleanúnacha agus éifeachtacha a áirithiú lena dtacófar le forbairt an bhithgheilleagair ar fud an tslabhra luacha ina iomláine agus lena gcumasófar leas a bhaint as na réitigh a chuirtear ar fáil leis, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar bhacainní rialála. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil gá le creat beartais iomlánaíoch, comhleanúnach, intuartha agus fadtéarmach chun réitigh bhithbhunaithe nuálacha Eorpacha a ghlacadh agus chun bithfhuinneamh inbhuanaithe a fhorbairt. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór don bheartas Eorpach sainiúlachtaí réigiúnacha agus áitiúla maidir leis an mbithgheilleagar a chur san áireamh agus úsáid a bhaint astu.

26. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur glacadh roinnt tograí dlíthiúla nó go bhfuil siad á gcaibidil faoi láthair faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, arb é is aidhm dóibh an tAontas a chur ar chonair an aistrithe ghlais, agus é mar sprioc dheiridh aige aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 agus tacú le claochlú an Aontais ina shochaí chóir rathúil ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch.

27. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún a mheasúnuithe tionchair a fheabhsú chun machnamh níos fearr a dhéanamh ar chomhsheasmhacht beartais idir gníomhartha dlí, straitéisí, agus forbairt an bhithgheilleagair, a rannchuidiú comhpháirteach le spriocanna an Aontais, agus a n-éifeacht charnach ar úsáid talún, soláthar amhábhar agus acmhainní fuinnimh.

28. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Straitéis Bhithgheilleagair nuashonraithe agus Plean Gníomhaíochta nuashonraithe de chuid an Aontais a thíolacadh roimh an gcéad tréimhse straitéiseach eile, tar éis measúnú domhain a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais, ar bhonn na gconclúidí seo ón gComhairle, agus an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais agus na hathruithe san Eoraip agus sa domhan máguaird á gcur san áireamh. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún idir an dá linn tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle gach bliain maidir lena gníomhaíochtaí gaolmhara.